

# Treoir Shóisialta

## Cuairt ar Phríosún Chill Mhaighneann.

## Buntreoir le haghaidh teaghlach agus cuairteoirí céaduaire.

Rachaimid ar thuras ar Phríosún Chill Mhaighneann. Tógadh an Príosún os cionn 200 bliain ó shin. Níl aon phríosúnaigh i bPríosún Chill Mhaighneann anois, ach na blianta ó shin, coinníodh na mílte fear, ban agus páistí anseo. Ba dhaoine an-tábhachtach iad roinnt de na príosúnaigh agus cloisfimid fúthu le linn ár gcuairte. Sa scéal seo, foghlaimeoimid céard a dhéanfaimid nuair a bhainfimid Príosún Chill Mhaighneann amach. Casfaimid ar roinnt de na daoine a oibríonn anseo, agus gheobhaimid amach céard is féidir linn a fheiceáil agus a

dhéanamh le linn ár gcuairte. Tabharfaimid cuairt ar thrí fhoirgneamh, Ionad Cuairteoirí Theach na Cúirte, an Príosún agus an Músaem. Tá Príosún Chill Mhaighneann suite ar Bhóthar Inse Chór i mBaile Átha Cliath 8. Is féidir linn bus nó tram a thógáil chuig an bPríosún. Tá carrchlós suite in aice láimhe freisin. Bíonn Príosún Chill Mhaighneann an-ghnóthach, mar sin, ba cheart dúinn ár dticéid a chur in áirithint roimh ré.



**Ionad Cuairteoirí Theach na Cúirte**

Tosaíonn ár dturas in Ionad Cuairteoirí Theach na Cúirte atá suite in aice leis an bPríosún. Is é seo an príomhbhealach isteach san Ionad Cuairteoirí.



D’fhéadfadh sé a bheith gnóthach agus glórach. Casfaidh duine den fhoireann treorach linn ag an bpríomhbhealach isteach. Tá siad an-chabhrach agus is féidir leo cabhrú linn. Déanfaidh na treoraithe ár dticéid a sheiceáil, agus tabharfaidh siad treoracha agus eolas dúinn mar gheall ar ár gcuairt.






Mura mbíonn na ticéid priontáilte againn cheana féin, tabharfaidh an treoraí chuig an bhfáiltiú sinn. Is féidir linn ár dticéid a bhailiú ag an deasc fáiltithe. Tá an t-am a bheidh ár dturas ar siúl ar an ticéad. Tá neart le déanamh agus le feiceáil san ionad cuairteoirí fad atáimid ag fanacht ar thús an turais.

Tá comharthaí ar an mballa chun cabhrú linn na leithris, an caifé agus an siopa bronntanas a aimsiú.










Má tá cabhair uainn, is féidir linn í a iarraidh ar dhuine de na treoraithe. Tá an-chuid daoine ag obair i bPríosún Chill Mhaighneann. Tá suaitheantas ainm ag gach treoraí agus bíonn siúlscéalaí ar iompar acu. D'fhéadfá iad a fheiceáil agus a chloisteáil agus iad ag baint úsáid as an siúlscéalaí chun labhairt lena chéile.





Tá Teach na Cúirte ar bhunurlár an Ionaid Cuairteoirí, agus is ansin a thosóidh ár dturas. Is áit mhaith í freisin chun suí síos agus do scíth a ligean.






Nuair a bheidh sé in am an turas a thosú, bainfidh an treoraí úsáid as an micreafón chun sinn a chur ar an eolas.



Tá an fhuaim ard ionas gur féidir le gach duine san Ionad Cuairteoirí an glao a chloisteáil. Tosaíonn na turais gach 15 nóiméad, mar sin, déanfaidh duine de na treoraithe ár dticéid a sheiceáil arís le cinntiú go bhfuilimid ar an turas ceart.

Agus sinn ag fágáil Theach na Cúirte, ní mór dúinn a bheith cúramach ar na céimeanna. Leanaimid ár ngrúpa, agus siúlaimid thar na cillíní coinneála chun casadh leis an treoraí turais sa chlós.


**An Turas Treoraithe ar Phríosún Chill Mhaighneann**

Tabharfaidh ár dtreoraí turais thart ar an bpríosún sinn. Maireann an turas treoraithe uair an chloig. Beidh 35 duine ar an turas. Is féidir linn pictiúir a ghlacadh, ach níl cead againn a bheith ag ithe ar an turas ná rud ar bith seachas uisce a ól. Tá an foirgneamh an-sean, mar sin, caithfimid a bheith cúramach gan damáiste a dhéanamh do na ballaí.

Seo é an staighre a úsáidimid le dul chomh fada leis an gcéad stad ar an turas




Tá na céimeanna caite, agus is féidir leo a bheith sleamhain, mar sin, ní mór dúinn a bheith cúramach. Siúil go mall agus beir greim ar an ráille láimhe. Tá sé tábhachtach an treoraí a leanúint agus fanacht le chéile ionas nach rachaimid ar strae.

Is é séipéal an phríosúin an chéad stad ar an turas. Suímid anseo ar feadh cúpla nóiméad fad a insíonn an treoraí dúinn mar gheall ar an bPríosún. Tá sé ábhairín dorcha sa séipéal. Baineann an treoraí úsáid as teilgeoir agus scáileán chun pictiúir den Phríosún agus grianghraif de roinnt de na príosúnaigh a coinníodh anseo a thaispeáint.







Tar éis dúinn an séipéal a fhágáil, taispeánfaidh an treoraí pasáistí agus cillíní an phríosúin dúinn. Tá roinnt de na pasáistí an-chúng. Níl aon teas sa phríosún, mar sin, d’fhéadfadh sé a bheith fuar sa gheimhreadh.










Agus sinn ag siúl thart, inseoidh an treoraí scéalta dúinn mar gheall ar an bpríosún agus na príosúnaigh. Labhróimid go híseal lena chéile ar an turas ionas gur féidir le gach duine an treoraí a chloisteáil





Leath bealaigh tríd an turas, sroichfimid Sciathán Thoir an Phríosúin. Ligfidh an treoraí dúinn cúpla nóiméad a chaitheamh anseo le gur féidir linn siúl timpeall agus grianghraif a ghlacadh. Is féidir linn dul isteach sna cillíní sa chuid seo den phríosún.






Tá an chuid dheireanach den turas lasmuigh. Taispeánfaidh an treoraí roinnt de na clóis phríosúin dúinn. Tá an talamh míchothrom sna clóis, mar sin, ní mór dúinn a bheith cúramach. Ba cheart dúinn cóta báistí nó scáth báistí a bhreith linn freisin ar lá fliuch.

Is é seo príomhbhealach isteach an Phríosúin agus deireadh ár dturais threoraithe.





Fágfaidh ár dtreoraí slán againn anseo, agus tabharfaidh sé isteach sa mhúsaem sinn. Bí cúramach agus tú ag siúl síos na céimeanna chuig an músaem.

**An Músaem**

Déanfaidh tú thú féin a threorú thart ar an músaem. Is féidir linn fanacht sa mhúsaem ar feadh seal fada nó seal gairid. Tá neart réad agus taispeántán le feiceáil ann.

Beidh roinnt de na treoraithe ag obair sa mhúsaem. Tá siad go léir cairdiúil, agus tá siad sásta cabhrú linn agus ár gcuid ceisteanna a fhreagairt. Tá an Gailearaí Pictiúr ar bhunurlár an mhúsaeim. Is áit chiúin í seo chun suí síos agus do scíth a ligean ar feadh cúpla nóiméad.



Beidh roinnt de na treoraithe ag obair sa mhúsaem. Tá siad go léir cairdiúil, agus tá siad sásta cabhrú linn agus ár gcuid ceisteanna a fhreagairt. Tá an Gailearaí Pictiúr ar bhunurlár an mhúsaeim. Is áit chiúin í seo chun suí síos agus do scíth a ligean ar feadh cúpla nóiméad.

Nuair atáimid réidh chun an músaem a fhágáil, téimid tríd an doras gloine seo ar an mbunurlár. Beidh treoraí ann chun sinn a threorú ar ais chuig Ionad Cuairteoirí Theach na Cúirte.




Agus sinn san ionad cuairteoirí, is féidir linn dul go dtí an leithreas, nó cuairt a thabhairt ar an gcaifé nó ar an siopa bronntanas.


 





Téimid amach príomhdhoras Ionad Cuairteoirí Theach na Cúirte nuair atáimid réidh le fágáil.





Tá súil againn gur bhain tú sult as do chuairt ar Phríosún Chill Mhaighneann.

Is féidir tuilleadh eolais maidir le teacht chuig Príosún Chill Mhaighneann a fháil ar ár suíomh gréasáin. Má tá ceist agat nó má theastaíonn cabhair uait maidir le do chuairt, is féidir leat teacht i dteagmháil linn ar an bhfón nó ríomhphost a chur chugainn.

https://www.kilmainhamgaolmuseum.ie/

https://www.kilmainhamgaolmuseum.ie/plan-a-visit/

Email: kilmainhamgaol@opw.ie